An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Samhain 2023, Eagrán 1

# Faisnéis agus Nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Réamhrá

Tá an tSraith Shinsearach ag athrú. Tá ábhair á nuashonrú. Tá eispéireas scoláirí Ardteistiméireachta á athshamhlú. Le himeacht ama, beidh comhpháirteanna measúnaithe breise ag gach ábhar Ardteistiméireachta ionas gur féidir le scoláirí an raidhse buanna, inniúlachtaí agus scileanna atá acu a léiriú lasmuigh den halla scrúdaithe.

Is é seo an chéad eagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuirfidh na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Cad a chiallaíonn an feidhmiú céimneach dom?

## Na príomh nuashonruithe

I mí Mheán Fómhair 2023, d'fhógair an tAire go ndéanfaí feidhmiú céimneach náisiúnta an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a luathú.

Déanfar luathú dhá bhliain ar thabhairt isteach náisiúnta an chéad tráinse de shonraíochtaí ábhar athbhreithnithe, tá an feidhmiú céimneach beartaithe do Mheán Fómhair 2025.

De réir mar a dhéantar ábhair a athbhreithniú beidh comhpháirteanna measúnaithe breise i ngach ábhar. Tá ar a laghad 40 faoin gcéad de na marcanna iomlán ar fáil dóibh seo agus déanfar measúnú seachtrach orthu.

Tá sceideal d'fheidhmiú céimneach Thráinse 1 agus Thráinse 2 faoin fheidhmiú céimneach luathaithe nua seo ar fáil anois.

Tá comhairliúchán an CNCM ar Dhréacht-Ráiteas Chlár na hIdirbhliana curtha i gcrích anois.

**Naisc úsáideacha agus tuilleadh léitheoireachta**

Is féidir teacht ar na sonraí go léir maidir le fógra an Aire i mí Mheán Fómhair 2023 anseo: Fógraíonn an tAire Foley nuashonraithe maidir le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

An 3 Deireadh Fómhair, rinne an tAire ráitis sa Seanad ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí. Is féidir an díospóireacht ar fad a léamh anseo: Oireactas.ie

Éascaíonn Fóram Comhpháirtithe Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí malartú faisnéise agus soláthraíonn sé léargais eolacha ar chur i bhfeidhm Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá ballraíocht ag páirtithe leasmhara éagsúla oideachais lena n-áirítear comhlachtaí ionadaíocha do scoláirí, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Bhí cruinniú ag an bhFóram i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun https://www.gov.ie/ga/preasraitis/38837-senior-cycle-redevelopment-partners-forum-discuss-updates-to-senior-cycle-redevelopment/

# Luathú ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – príomh-nuashonruithe agus a bhfuil i gceist leo

An 20 Meán Fómhair 2023, d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley T.D., nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, ag tógáil ar a fógra roimhe sin i mí an Mhárta 2022. I measc na nuashonruithe bhí feidhmiú céimneach náisiúnta naoi n-ábhar nua agus athbhreithnithe dhá bhliain níos luaithe ná mar a bhí beartaithe.

Tabharfar isteach freisin dhá ábhar nua in 2025:

**Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta**

**Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe**

Déanfar na hábhair seo a chur i bhfeidhm i scoileanna ar bhonn céimneach. Reáchtálfaidh an Roinn próiseas léirithe spéise chun scoileanna a aithint ar mian leo a bheith páirteach sa chéad chéim. Tá an cur chuige céimneach ar aon dul le tabhairt isteach an Chorpoideachas agus na Ríomheolaíochta san Ardteistiméireacht le déanaí.

Beidh comhpháirteanna measúnaithe breise (CMBanna) mar chuid de na sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe. Ní scrúdú scríofa traidisiúnta a bheidh sna comhpháirteanna seo agus beidh ar a laghad 40 faoin gcéad den mharc iomlán ar fáil dóibh i ngach ábhar. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) measúnú ar na comhpháirteanna (CMBanna) seo.

Ina theannta sin, tá an tAire tar éis iarraidh ar CSS taighde a choimisiúnú ar ról agus ar thionchar féideartha I.S. sa mheasúnú.

**2**
ábhar nua

ar a laghad
**40%**
le haghaidh comhpháirteanna measúnaithe breise

curaclam athbhreithnithe ag
**9**
n-ábhar in 2025

# Tráinsí agus sonraíochtaí ábhar athbhreithnithe

Déanfar feidhmiú céimneach na sonraíochtaí ábhar nua agus athbhreithnithe, ina mbeidh na socruithe measúnaithe athbhreithnithe, i dtráinsí bliantúla.

**Tráinse 1**
2025

Sean-Ghréigis
Araibis
Bitheolaíocht
Gnó
Ceimic
Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta
Laidin
Fisic

**Tráinse 2**
2026

Cuntasaíocht
Staidéar Foirgníochta
Innealtóireacht
Béarla
Tíreolaíocht
Nascmhodúil GCAT
Corpoideachas

Beidh **cúig** thráinse bhliantúla ann san iomlán; déanfar na hábhair i dtráinsí níos déanaí a fhógairt in 2024. Faoin mbliain 2029, beidh athbhreithniú déanta ar na hábhair go léir. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an curaclaim athbhreithnithe agus socruithe measúnaithe i ngach ábhar á leanúint ag gach scoláire a bheidh ag tosú sa chúigiú bliain in 2029 mar scoláire san Ardteistiméireacht bhunaithe. Beidh tairbhe le fáil freisin ag scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Ghairmchlár na hArdteistiméireachta as athruithe, atá leagtha amach sa tábla thíos.

Tabharfar tacaíocht do mhúinteoirí agus do scoileanna na hathruithe seo a thabhairt isteach agus cabhrú le scoláirí a ullmhú do na hathruithe atá le teacht. Mar chuid de seo beidh tacaíocht chuí agus foghlaim ghairmiúil faoi stiúir Oide, an tseirbhís tacaíochta chomhtháite nua do mhúinteoirí a seoladh i mí Mheán Fómhair.

Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinseara%C3%AD/sceideal-d%C3%A1bhair-na-sraithe-sinseara%C3%AD-le-haghaidh-athfhorbartha/

# Cad a chiallaíonn na hathruithe seo do scoláirí?

De réir mar a chuirtear na nuashonruithe bliantúla i bhfeidhm go céimneach, beidh níos mó agus níos mó scoláirí ag baint tairbhe as na hathruithe. Toisc go raibh an-tóir ar an mBitheolaíocht (rinne thart ar 60% d’iarrthóirí iomlán na hArdteistiméireachta an scrúdú Bitheolaíochta in 2023) agus ar Ghnó (rinne thart ar 34% d’iarrthóirí iomlán na hArdteistiméireachta an scrúdú Gnó in 2023) i dTráinse 1, bainfidh go leor scoláirí atá ag tosú sa chúigiú bliain in 2025 tairbhe as na hathruithe. Le tabhairt isteach an Bhéarla i dTráinse 2 beidh gach scoláire a thosaíonn sa chúigiú bliain in 2026 ag tabhairt faoi shonraíocht ábhair athbhreithnithe nua amháin, ar a laghad.

‘Tá treoir do scoláirí, "Cad a chiallaíonn sé seo domsa?" ar fáil ar chúl an nóta seo agus ar líne anseo: gov.ie - Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí – Cad a chiallaíonn sé seo domsa? (www.gov.ie)

# Ar mhaith leat a bheith páirteach i sonraíocht ábhair?

Tá ról lárnach ag Grúpaí Forbartha Ábhar in athfhorbairt churaclam na sraithe sinsearaí. Tá ainmnithe ó na comhpháirtithe oideachais, ón Roinn Oideachais agus ó phríomhghníomhaireachtaí oideachais eile ar na Grúpaí seo.




Faoi láthair, tá roinnt Grúpaí Forbartha Ábhar á dtionól ag an CNCM agus tá léirithe spéise á lorg ó dhaoine aonair ar mhaith leo ionchur a bheith acu san obair ar na sonraíochtaí seo a leanas: Cuntasaíocht na hArdteistiméireachta, Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta, Innealtóireacht na hArdteistiméireachta, Béarla na hArdteistiméireachta, Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta, Nascmhodúil GCAT agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta.

Tá sonraí iomlána ar an bpróiseas iarratais ar fáil anseo: An bhfuil suim agat i bhforbairt curaclaim? | NCCA. Is é 10 Eanáir 2024 an spriocdháta.

Tá léiriú spéise eisithe ag an CNCM freisin chuig gach iar-bhunscoil, ag tabhairt cuireadh dóibh a bheith gafa sna céimeanna comhairliúcháin a bhaineann le Tráinsí 1 agus 2, mar atá leagtha amach thuas.

# An Idirbhliain: forbairtí nua

Mar chuid den chlár um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, gheall an tAire go gcuirfí an Idirbhliain (IB) ar fáil ar bhonn uilíoch, ionas gur féidir le gach scoláire i ngach scoil ar mian leis a bheith rannpháirteach sa chlár é sin a dhéanamh. D'fhógair an tAire freisin go bhforbrófar Ráiteas Chlár Idirbhliana athbhreithnithe, le tabhairt isteach in 2024.

Forbraíodh an dréacht-Ráiteas Cláir le comhairliúchán poiblí ar an dréacht a chríochnaigh i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí suirbhé poiblí, seimineáir ghréasáin um thráthnóna do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí, fócasghrúpaí agus suirbhé mar chuid den chomhairliúchán. Tá eolas ar fáil ar ncca.ie/ty
Cuireann formhór mór na scoileanna an Idirbhliain ar fáil, agus ní hionann na leibhéil rannpháirtíochta ar fud na scoileanna - rinne 79% de na scoláirí a chríochnaigh sa tríú bliain in 2021/22 an IB sa scoilbhliain 2022/23. Rinne díreach faoi bhun 55,000 scoláire clár na hIdirbhliana in 2022/2023, an leibhéal rannpháirtíochta ab airde riamh.

Tá an Roinn ag obair anois ar an gcaoi inar féidir tacú le scoileanna an clár a chur ar fáil do gach scoláire ar mian leo a bheith páirteach ann.

## Conair Breisoideachais agus Blasmhodúil

Tá an Roinn ag breathnú anois ar an gcaoi ina bhféadfaí "Blasmhodúil" a fhorbairt chun deis a thabhairt do scoláirí a bheith páirteach i gcláir idirghníomhacha agus i bhfoghlaim lasmuigh den láthair trí chomhoibriú le soláthraithe in earnáil na tionsclaíochta agus an Bhreisoideachais agus Oiliúna (FET). Thabharfadh na "Blasmhodúil" blaiseadh do scoláirí ar raon leathan bealaí agus deiseanna amach anseo. Tá SOLAS agus an CNCM ag comhoibriú chun modúil Idirbhliana a fhorbairt a thabharfadh deis do scoláirí conair gairme agus teicniúla a bhlaiseadh.

Tá líon suntasach scoileanna i gcomhpháirtíocht le soláthraithe Breisoideachais BOO ar fud na tíre chun modúil dá leithéid a fhorbairt agus a sholáthar agus táthar ag súil gur féidir na samplaí seo a úsáid mar dheiseanna chun an soláthar a leathnú.



# Treoir do scoláirí ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

| Tosóidh mé sa chúigiú bliain i.... | Athruithe ar Scrúdú na hArdteistiméireachta |
|---|---|
| **Tosóidh mé sa chúigiú bliain in 2023 nó tosóidh mé sa chúigiú bliain in 2024** | Má thosaigh tú sa chúigiú bliain in 2023, nó má tá tú le tosú sa chúigiú bliain in 2024, ní bheidh tionchar ag fógra an Aire an 20 Meán Fómhair 2023 ort. Is féidir leat tuilleadh faisnéise a fháil faoi churaclam reatha na hArdteistiméireachta ar láithreán gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta curriculumonline.ie |
| **Tosóidh mé sa chúigiú bliain in 2025** | Beidh curaclam athbhreithnithe ag na hábhair seo a leanas (ar a dtugtar 'sonraíochtaí'): Gnó, Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Araibis, Laidin agus Sean-Ghréigis (ábhair Thráinse 1).<br><br>Beidh comhpháirt(eanna) measúnaithe breise (CMBanna) mar chuid de na hábhair seo.<br><br>Ní scrúdú scríofa traidisiúnta a bheidh sna CMBanna.<br><br>Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú seachtrach ar na CMBanna.<br><br>Tabharfar dhá ábhar nua isteach i líonra scoileanna in 2025. Do bhlianta ina dhiaidh sin, tabharfar isteach iad de réir a chéile i níos mó scoileanna. Is iad na hábhair seo ná (1) Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta, agus (2) Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe. Má bhíonn do scoil mar chuid den líonra scoileanna a mbeidh ceachtar de na hábhair seo á thairiscint aici, seans go mbeidh deis agat an t-ábhar sin a thairiscint. |
| **Tosóidh mé sa chúigiú bliain in 2026 nó ina dhiaidh sin** | Beidh curaclam athbhreithnithe ag na hábhair seo a leanas (ar a dtugtar "sonraíochtaí"): Gnó; Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Araibis, Laidin, agus Sean-Ghréigis (ábhair Thráinse 1) agus Cuntasaíocht; Staidéar Foirgníochta; Innealtóireacht; Béarla; Tíreolaíocht; Nascmhodúil GCAT agus Corpoideachas (ábhair Thráinse 2).<br><br>Beidh comhpháirt(eanna) measúnaithe breise (CMBanna) mar chuid de na hábhair seo agus déanfar an measúnú go seachtrach.<br><br>Ní scrúdú scríofa traidisiúnta a bheidh sna CMBanna. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú seachtrach ar na CMBanna.<br><br>Leanfar le dhá ábhar nua, a seoladh den chéad uair in 2025, a thabhairt isteach i líonra scoileanna ar bhonn céimnithe. Is iad na hábhair sin ná (1) Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta, agus (2) Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe. Má tá do scoil sa dara céim nó i gcéim níos déanaí de scoileanna a chuirfidh ceachtar de na hábhair ar fáil, seans go mbeidh deis agat iad a roghnú. |

# Treoir do scoláirí ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

| Tosóidh mé sa chúigiú bliain i.... | Athruithe ar Scrúdú na hArdteistiméireachta |
|---|---|
| **Is scoláire de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí mé/beidh mé i mo scoláire de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí** | Is féidir leat anois Matamaitic ATB agus Nuatheanga Iasachta (NTI) ATB a rochtain, faoi réir ag amchlár do scoile.<br><br>Is féidir leat staidéar a dhéanamh ar Mhatamaitic ATB in éineacht le Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF, nó in ionad Feidhmeanna Matamaiticiúla ATF.<br><br>Féadfaidh tú staidéar a dhéanamh ar NTI ATB mar aon leis an gclár ATF.<br><br>Tá Ráiteas Cláir nuashonraithe ATF ina léirítear na hathruithe seo ar fáil ag curriculumonline.ie. |
| **Is scoláire de chuid Ghairmchlár na hArdteistiméireachta mé/beidh mé i mo scoláire de chuid Ghairmchlár na hArdteistiméireachta** | D’fhéadfadh baint a bheith ag na hathruithe atá leagtha amach thuas leatsa mar scoláire GCAT, ag brath ar an mbliain a bhfuil tú le tosú sa chúigiú bliain.<br><br>Is féidir leat Nascmhodúil an GCAT (Ullmhúchán do Shaol na hOibre agus Oideachas Fiontraíochta) a rochtain anois gan critéir an ghrúpáil ábhar gairmoideachais ná ceanglais an Nuatheanga Eorpaigh (NTE) atá leagtha amach in Imlitir 0040/2013 a chomhlíonadh.<br><br>Tá gach riachtanas eile maidir le rannpháirtíocht sa GCAT i bhfeidhm i gcónaí, riachtanas na Gaeilge san áireamh.<br><br>Tá Ráiteas Clár GCAT nuashonraithe a léiríonn na hathruithe seo ar fáil ag an nasc seo a leanas: curriculumonline.ie |

## Tuilleadh eolais
## gov.ie/seniorcycle

Is féidir tuilleadh eolais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a fháil ag https://www.gov.ie/seniorcycle.

An Roinn Oideachais
Department of Education

Is féidir ceisteanna maidir leis an nóta faisnéise seo a sheoladh chuig: scr_info@education.gov.ie.